**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

## P9_TA(2020)0146

# Leasú ar an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir AE agus an Mholdóiv (Aontachas na Cróite) ***

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2020 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt chun críche Prótacail, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (07048/2015 – C9-0195/2019 – 2015/0035(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (07048/2015),

– ag féachaint don dréachtPhrótacal lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (07047/2015),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 100(2) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0195/2019),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0083/2020),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Phrótacail;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtas agus parlaimint Phoblacht na Moldóive.